

Saighdiúir os comhair cúirte

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi shaighdiúir a tugadh os comhair cúirte i Leitir Ceanainn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, an féidir leat na téarmaí Gaeilge a cheangal leis na téarmaí Béarla?

1. An Chúirt Dúiche	a) fórsaí cosanta
2. explosives and arms	b) suí speisialta
3. private (in the army)	c) The District Court
4. remanded in custody	d) liúntas míchumais
5. defence forces	e) bail
6. special sitting	f) tromchúiseach
7. bannaí	g) aturnae
8. serious	h) ábhar pléascach & armlón
9. solicitor/attorney	i) curtha siar faoi choinneáil
10. disability allowance	j) saighdiúir singil

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Ceist 2

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh brí na bhfocal a thuiscint. Ansin, ceangail na téarmaí leis na sainmhínithe cúí.

siar faoi choinneáil	...ligthe saor ón bpríosún mar mhalairt ar airgead.
liúntas míchumais	...a bheith curtha arís faoi chóiméad ag na póilíní.
ar bannaí	...airgead a thugann an rialtas do dhuine mura féidir leis a bheith ag obair de bharr gortú nó tinnis.

Ceist 3

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna. Pléigh do chuid freagraí leis an duine in aice leat ansin.

1. Cé hé Mark Cassidy agus cén fáth a bhfuil sé sa nuacht?
2. Cén fáth nár mhaith leis na Gardaí go gceadófaí bannaí dó?
3. Cad a dúirt Eugene Byrne agus cé hé?

Ceist 4

Féach ar an sliocht ón script agus cuir an fhoirm cheart den fhocal (nó focail) idir líubíní sa bhearna in aice leis.

Naoi mbliana fichead atá Mark Cassidy agus is comhalta singil é sna fórsaí cosanta. Bhí sé os comhair na _____ (an Chúirt Dúiche) i Leitir Ceanainn inniu, mar go ndúradh go _____ (fuair) ábhar pléascach, chomh maith le harmlón, Dé Luain seo caite, san árasán a bhí ar

cíos aige i gceantar Bhun na hAbhann, Contae Dhún na nGall. Bhí Mark Cassidy os comhair suí speisialta de chuid na Cúirte an _____ (seachtain) seo caite maidir leis na cúiseanna céanna. Ní theastaíonn ó na Gardaí go gceadófaí aon bhannaí dó, mar dúirt siad nach bhfuil aon seoladh buan ag Mark Cassidy i _____ (Poblacht) na hÉireann. Dúirt siad freisin go raibh na cúiseanna i gcoinne Mark Cassidy thar a bheith tromchúiseach agus go bhfeadfadh sé go mbeadh ceisteanna eile ag teacht chun cinn ina _____ (taobh) amach anseo.

Ag labhairt ar son Mark Cassidy inniu, dúirt an t-aturnae, Eugene Byrnes, nach mbeadh sé ag déanamh aon iarratas ar bhannaí dá _____ (cliant) inniu, ach go mb'fhéidir go ndéanfaidh sé sin Dé Luain seo chugainn. Dúradh go raibh tinneas ar Mark Cassidy faoi láthair agus go raibh sé ar liúntas míchumais. _____ (Cuir) siar faoi choinneáil é agus tabharfar os comhair cúirte arís é faoi _____ (ceann) seachtaine.

Ceist 5

'...i gceantar Bhun na hAbhann...' agus '...Contae Dhún na nGall ...'

- A. Cad is féidir leat a rá faoin dá shéimhiú thuas?
- B. Tabhair cúig shampla eile, ar nós na gceann thuas.

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a raibh ábhar pléascach ag an bhfear sa mhír, dar leat?
2. Cad a dhéanann Arm Cathartha na hÉireann, dar leat?
3. Ar mhaith leat féin a bheith san arm? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
c	h	j	i	a	b	e	f	g	d

Ceist 2

Tabhair deis do na foghlaimeoirí an stór focal a aimsiú sa tuairisc ar dtús. Ansin, pléigh sainmhíniú na dtéarmaí.

ar bannaí	...ligthe saor ón bpríosún mar mhalairt ar airgead.
siar faoi choinneáil	...a bheith curtha arís faoi chóiméad ag na póilíní.
liúntas míchumais	...airgead a thugann an rialtas do dhuine mura féidir leis a bheith ag obair de bharr gortú nó tinnis.

Ceist 3

1. Is saighdiúir singil é Mark Cassidy atá naoi mbliana is fiche d'aois. Bhí sé os comhair na Cúirte Dúiche i Leitir Ceanainn inniu, mar go ndúradh go bhfuarthas ábhar pléascach, chomh maith le harmlón, Dé Luain seo caite, san árasán a bhí ar cíos aige i gceantar Bhun na hAbhann, Contae Dhún na nGall.
2. Ní theastaíonn ó na Gardaí go gceadófaí aon bhannaí dó, mar nach bhfuil aon seoladh buan ag Mark Cassidy i bPoblacht na hÉireann. Dúirt siad freisin go raibh na cúisimh i gcoinne Mark Cassidy thar a bheith tromchúiseach, agus go bhfeadfadh sé go mbeadh ceisteanna eile ag teacht chun cinn ina dtaobh amach anseo.
3. Is é Eugene Byrnes an t-aturnae atá ag Mark Cassidy. Dúirt sé nach mbeadh sé ag déanamh aon iarratas ar bhannaí dá chliant inniu, ach go mb'fhéidir go ndéanfaidh sé sin Dé Luain seo chugainn.

Ceist 4

Naoi mbliana fichead atá Mark Cassidy agus is comhalta singil é sna fórsaí cosanta. Bhí sé os comhair na **Cúirte Dúiche** i Leitir Ceanainn inniu, mar go ndúradh go **bhfuarthas** ábhar pléascach, chomh maith le harmlón, Dé Luain seo caite, san árasán a bhí ar cíos aige i gceantar Bhun na hAbhann, Contae Dhún na nGall. Bhí Mark Cassidy os comhair suí speisialta de chuid na Cúirte an **tseachtain** seo caite maidir leis na cúiseanna céanna. Ní theastaíonn ó na Gardaí go gceadófaí aon bhannaí dó, mar dúirt siad nach bhfuil aon seoladh buan ag Mark Cassidy i **bPoblacht** na hÉireann. Dúirt siad freisin go raibh na cúiseanna i gcoinne Mark Cassidy thar a bheith tromchúiseach agus go bhfeadfadh sé go mbeadh ceisteanna eile ag teacht chun cinn ina **dtaobh** amach anseo.

Ag labhairt ar son Mark Cassidy inniu, dúirt an t-aturnae, Eugene Byrnes, nach mbeadh sé ag déanamh aon iarratas ar bhannaí dá **chliant** inniu, ach go mb'fhéidir go ndéanfaidh sé sin Dé Luain seo chugainn. Dúradh go raibh tinneas ar Mark Cassidy faoi láthair agus go raibh sé ar liúntas míchumais. **Cuireadh** siar faoi choinneáil é agus tabharfar os comhair cúirte arís é faoi **cheann** seachtaine.

Ceist 5

Nuair a thagann ainmfhocal roimh aonad céille cinnte, nó aon cheann de na rudaí a chuireann ainmfhocal sa ghinideach de ghnáth m.sh - réamhfhocal simplí ('chun na farráige'), réamhfhocal comhshuite ('le linn an chruinnithe), ainm briathartha ('ag ól uisce'), ní dhéantar an t-aonad céille cinnte a infhilleadh ná a chur sa tuiséal ginideach. Is amhlaidh a fhanann sé sa tuiséal ainmneach agus go gcuirtear séimhiú ar thúsliú an aonaid m.sh. - 'cuma mhná na cathrach', 'doras theach na gcearc'.

Ceist 6

Is féidir leis na daltaí an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Tugadh fear, naoi mbliana is fiche, os comhair na Cúirte Dúiche i Leitir Ceanainn, i gCo. Dhún na nGall, maidir le hábhar pléascach agus armlón a fritheadh¹ in árasán sa gContae an tseachtain seo caite. Cuireadh Mark Cassidy, saighdiúir singil, siar faoi choinneáil go dtí an Luan seo chugainn.

Séamus Ó Scanláin

Naoi mbliana fichead atá Mark Cassidy agus is comhalta singil é sna fórsaí cosanta. Bhí sé os comhair na Cúirte Dúiche i Leitir Ceanainn inniu, mar go ndúradh go bhfuarthas ábhar pléascach, chomh maith le harmlón, Dé Luain seo caite, san árasán a bhí ar cíos aige i gceantar Bhun na hAbhann, Contae Dhún na nGall. Bhí Mark Cassidy os comhair suí speisialta de chuid na Cúirte an tseachtain seo caite maidir leis na cúiseanna céanna. Ní theastaíonn ó na Gardaí go gceadófaí aon bhannaí dó, mar dúirt siad nach bhfuil aon seoladh buan ag Mark Cassidy i bPoblacht na hÉireann. Dúirt siad freisin go raibh na cúiseanna i gcoinne Mark Cassidy thar a bheith tromchúiseach agus go bhfeadfadh sé go mbeadh ceisteanna eile ag teacht chun cinn ina dtaobh amach anseo.

Ag labhairt ar son Mark Cassidy inniu, dúirt an t-atairne, Eugene Byrnes, nach mbeadh sé ag déanamh aon iarratas ar bhannaí dá chliant inniu, ach go mb'fhéidir go ndéanfaidh sé sin Dé Luain seo chugainn. Dúradh go raibh tinneas ar Mark Cassidy faoi láthair agus go raibh sé ar liúntas míchumais. Cuireadh siar faoi choinneáil é agus tabharfar os comhair cúirte arís é faoi cheann seachtaine.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4

¹ fuarthas atá sa chaighdeán oifigiúil